*Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,*
*Coill na nÚll,*
*Sord,*
*Co. Átha Cliath*

*Fón: 8902799*

*Faics: 8700044*

*U.R. 20095C*

*Scoil Idirchreidmheach*

***Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie*** ***Ríomhphost:oifig@gsbb.ie***

**05-11-15**

**A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,**

**Táimid an-bhródúil as foireann na mbuachaillí a rinne a dícheall sa chraobh i bPáirc an Chrócaigh an tseachtain seo. Táimid an-bhuíoch as an obair iontach a rinne na bainisteoirí, Pádraig & Cian, leo chun iad a thabhairt chomh fada leis an gcraobh. Táimid an-bhródúil chomh maith as an lucht tacaíochta iontach a tháinig linn ó rang 2-6. Beidh traenáil peile do bhuachaillí & cailíní Rang 3-6 ag leanúint ar aghaidh ar feadh cúpla seachtaine eile ar an Mháirt, i ndiaidh am scoile. Beidh traenáil iománaíochta agus camógaíochta ag tosnú do pháistí Rang 3-6 ar an Déardaoin, an 12-11-15.**
***We are very proud of the superb effort shown by the boys' football team in their final in Croke Park last Tuesday and very grateful for the great work Pádraig & Cian put in to bring them to the final. We are also very proud of the wonderful supporters from Rang 2-6 who came along to support them on the day. Football training for boys & girls in Rang 3-6 will continue on Tuesday for the next few weeks. Hurling and camogie training after school will begin for children in Rang 3-6 next Thursday, the 12-11-15.***

**Tá bileoga do Team Hope curtha i málaí na bpáistí inniu. Más mian leat tacú leis an gcarthannacht seo, iarrtar ort an bosca a sheoladh isteach faoin Déardaoin, an 12-11-15, le do thoil. Déan cinnte na treoracha ar an mbileog a leanúint le do thoil.**
***Leaflets for Team Hope (Shoebox appeal) have ben sent home in the children's bags today. If you would like to support this charity, please send your shoebox into school by Thursday, the 12-11-15. Please follow the instructions on the leaflet.***

**Beidh Aonach Leabhair ar siúl sa scoil idir an 17ú – 19ú Samhain. Rachaidh bileog abhaile sa mhála scoile an tseachtain seo chugainn.**
***Our annual Book Fair will take place in the school between the 17th – 19th November. Order forms will be sent home in the schoolbags next week.***

**Beidh cruinnithe do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn na bpáistí Rang 1-6, ar siúl i ndiaidh am scoile ar an gCéardaoin, an 25-11-15, & an Déardaoin, an 26-11-15. Rachaidh na hamantaí abhaile an tseachtain seo chugainn.**
***Meetings for parents to discuss their child's progress will be held after school on Wednesday, the 25-11-15 & Thursday, the 26-11-15. Times for meetings will be sent home next week in the schoolbags.***

**NB:Tá athrú tagtha ar pholasaí iontrála na scoile maidir leis an aois a chaithfidh a bheith ag páistí sara dtosnaíonn siad ar scoil linn i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe. Caithfidh páiste bheith 4 bliana d'aois roimh an 1ú Aibreán sa bhliain chéanna ina mbeidh siad ag súil le tosnú ar scoil. Tá an polasaí aithbhreithnithe le fáil ar shuíomh na scoile. (Féach: Fúinn/Rollú)**
***NB:A change has been made to the school's entrance policy concerning the age a child must reach before attending Gaelscoil Bhrian Bóroimhe. Children must now be 4 years of age before the 1st April in the same year that they are expected to start school. The revised policy is posted on gsbb.ie under About Us/Enrolment***

**Le meas,**

**Séamus Seaghach (Príomhoide)**